Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2020
(OR. en)

8105/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0257 (NLE)**

AVIATION 78
RELEX 342
USA 19

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit arna shíniú an 25 agus an 30 Aibreán, 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, arna shíniú an 25 agus an 30 Aibreán, 2007, arna shíniú ag Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit arna shíniú an 25 agus an 30 Aibreán, 2007 arna leasú leis an bPrótacal chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, arna shíniú an 25 agus an 30 Aibreán, 2007, arna shíniú ag Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[1] (dá ngairtear "an Comhaontú Aeriompair" anseo feasta), an 25 agus an 30 Aibreán, 2007[2] agus leasaíodh é leis an bPrótacal chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, arna shíniú an 25 agus an 30 Aibreán 2007 (dá ngairtear "Prótacal 2010" anseo feasta). Shínigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit Prótacal 2010 an 24 Meitheamh 2010.

(2) I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite[3], tá aontachas na Cróite leis an gComhaontú Aeriompair le comhaontú trí bhíthin Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú sin, atá le tabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(3) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheiriceá d'fhonn Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Aeriompair arna leasú le Prótacal 2010 a thabhairt i gcrích chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (dá ngairtear "an Prótacal" anseo feasta).

---

1 IO L 134, 25.5.2007, lch. 4.
2 IO L 223, 25.8.2010, lch. 3.
3 IO L 112, 24.4.2012, lch. 21.

(4) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil agus rinneadh an Prótacal a inisealú an 8 Márta 2019.

(5) Ba cheart an Prótacal a shíniú agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 4 de, faoi réir a thabhairt i gcrích ag dáta is déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, síniú an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a síníodh an 25 agus an 30 Aibreán 2007, arna leasú leis an bPrótacal chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, arna shíniú an 25 agus an 30 Aibreán, 2007, arna shíniú ag Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an 24 Meitheamh 2010, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (dá ngairtear "an Prótacal" anseo feasta), faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin[1+].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a dtugtar de chumhacht dó (dóibh) an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

---

**1** Foilsíodh téacs an Phrótacail in … [cuir isteach tagairt IO].

\+ IO: Cuir an abairt seo isteach, le do thoil, san eagrán Gaeilge den Iris Oifigiúil ar an leathanach a chomhfhreagraíonn don leathanach a foilsíodh an téacs seo air i dteangacha oifigiúla eile an Aontais: "Níor foilsíodh téacs an Phrótacail sa Ghaeilge".

*Airteagal 3*

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 4 de, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta atá riachtanach dá theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*